Coiste Eorpach
na Réigiún



# Treoir le seisiúin idirphlé a óstáil go háitiúil mar aon le treoir le haghaidh Lá na hEorpa 2023

# Tacaíocht do chomhaltaí Choiste na Réigiún ar mian leo cur agus cúiteamh a óstáil go háitiúil

Féadfaimid tacú leat ar bhealaí éagsúla:

## 1. Tacaíocht le liúntais for-rochtana

Faoi réir a fhormheasta ag Stiúrthóireacht na Cumarsáide i gCoiste na Réigiún

### *Tacaíocht atá ar fáil:*

- EUR 700
- Leathanach gréasáin an imeachta ar shuíomh gréasáin Choiste na Réigiún
- Clúdach sna páipéir agus sna meáin
- Tuarascálacha atá ar fáil ar leathanach gréasáin fheachtas cumarsáide Choiste na Réigiún
- Liúntas cruinnithe do chomhalta(í) Choiste na Réigiún

### *Coinníollacha*

Cuir iarratas isteach trí ***EU Survey*** mí ar a dhéanaí roimh dháta an imeachta.
Líon isteach tuairisc laistigh de cheithre seachtaine tar éis an imeachta

## 2. Tacaíocht d'imeachtaí áitiúla

Faoi réir a bhformheasta ag an gCoimisiún um Ghnóthaí Airgeadais agus Riaracháin (CFAA) i gCoiste na Réigiún

### *Tacaíocht atá ar fáil:*

- Ardán digiteach
- Tacaíocht theicniúil (lena n-áirítear cleachtadh)
- Modhnóireacht agus aoichainteoirí
- Leathanach gréasáin an imeachta ar shuíomh gréasáin Choiste na Réigiún
- Trácht ar an imeacht ar leathanach gréasáin fheachtas cumarsáide Choiste na Réigiún
- Clúdach sna páipéir agus sna meáin
- Tuairisciú
- Liúntas cruinnithe do chomhalta(í) Choiste na Réigiún

### *Coinníollacha*

Cuir iarratas isteach trí ***EU Survey*** trí mhí ar a dhéanaí roimh dháta an imeachta

## 3. Ceardlanna forbartha acmhainní

Obair leantach ar thionscadal 2021 le Bertelsmann Stiftu

### *Caibidil nua i ndaonlathas an Aontais Eorpaigh*

Tionscadal i neartú an daonlathais rannpháirtigh:

- chun tacú le polaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha chun an daonlathas rannpháirteach a bhunú laistigh dá dtoghcheantar féin trí bhíthin fhorbairt na n-acmhainní
- darb aidhm na cleachtais sin a phríomhshruthú i gcinnteoireacht an Aontais

### *Tacaíocht atá ar fáil:*

- rannpháirtíocht i gceardlanna maidir le cleachtais an daonlathais rannpháirtigh a fhorbairt
- rochtain ar bhunachar acmhainní maidir leis an daonlathas rannpháirteach
- imeachtaí áitiúla ina n-úsáidtear cleachtais an daonlathais rannpháirtigh a bhfuil cuntas orthu sa bhunachar acmhainní
- gníomhaíochtaí a bhfuil trácht orthu ar leathanach gréasáin fheachtas cumarsáide Choiste na Réigiún
- moltar do na comhaltaí atá páirteach sna ceardlanna imeachtaí a eagrú go háitiúil le tacaíocht ó Choiste na Réigiún

### *Coinníollacha*

Bí i dteagmháil le *eulocal@cor.europa.eu* más spéis leat an obair seo.

# Lá na hEorpa 2023

smaointe i gcomhair an cheiliúrtha

## Na saoránaigh:

- Cur agus cúiteamh leis na saoránaigh a chur ar bun go háitiúil maidir le gach a bhaineann le cúrsaí an Aontais
- Ócáid chultúrtha a eagrú leis an Eoraip a cheiliúradh

## Cathracha/bailte/bardais:

- Bratach an Aontais a chur ar foluain os cionn halla an bhaile/ fhoirgneamh an bhardais ar Lá na hEorpa
- Soilse ar dhath gorm an Aontais a chur ag taitneamh ar Halla an bhaile/foirgneamh an bhardais
- Turas treoraithe a eagrú ar thionscadail a fuair maoiniú ón Aontas Eorpach
- Turas treoraithe a eagrú ar áiteanna a bhfuil tábhacht leo ó thaobh chultúr na hEorpa de
- Ceacht faoi ghnéithe den Aontas a eagrú sa chomhairle áitiúil

## Scoileanna/ollscoileanna:

- I gcomhar le comhalta den Choiste, cur agus cúiteamh a bheith ann go háitiúil i scoil/ollscoil faoin gcúis ar bunaíodh an tAontas Eorpach agus faoin gcaoi ar tháinig sé ar an bhfód
- Seachtain AE a eagrú i scoil áitiúil / ollscoil áitiúil (taispeántas / laethanta tionscadail / ceardlanna cruthaitheacha ar thopaicí AE / Oidhreacht chultúrtha na hEorpa – a mbeidh páirt ghníomhach ag na daltaí agus ag na ranganna iontu)
- Díospóireacht a eagrú le mic léinn Erasmus i scoil áitiúil / ollscoil de chuid na háite